Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Márta 2021
(OR. en)

7005/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0148(CNS)**

FISC 46
ECOFIN 242

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún Eorpach an 15 Iúil 2020 togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais[1] mar chuid den 'phacáiste le haghaidh cánachas cothrom agus simplí'[2].

2. Tá dhá phríomhchuspóir i gceist leis an togra reachtach seo:

   - raon feidhme an uathmhalartaithe faisnéise faoi Threoir an Chomhair Riaracháin a leathnú chuig an bhfaisnéis arna tuairisciú ag oibreoirí ardán digiteach. Is é is aidhm leis an gcomhar riaracháin a leathnú chuig an réimse nua seo cuidiú leis na Ballstáit dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as digitiú an gheilleagair, ós rud é go bhfágann saintréithe gheilleagar an ardáin dhigitigh gur fíordheacair d'údaráis chánach teagmhais inchánach a rianú agus a bhrath agus go mbíonn easnamh in ioncam cánach dá bharr sin;

1 ST 9753/20
2 Is iad an dá doiciméad eile sa phacáiste sin an Teachtaireacht maidir le 'Plean Gníomhaíochta do chánachas cothrom simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh' (ST 9844/20) agus an Teachtaireacht maidir le 'dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin' (ST 9845/20).

- roinnt forálacha i dTreoir an Chomhair Riaracháin maidir le malartú faisnéise atá ann cheana a leasú. Go sonrach, féachtar leis an togra feabhas a chur ar nóisean ábharthacht intuartha na faisnéise, ar fhorálacha maidir le hiarrataí ar fhaisnéis do ghrúpa cáiníocóirí, agus ar na rialacha maidir le úsáid rialuithe comhuaineacha agus maidir le hoifigigh Ballstáit a bheith i láthair nuair a bhíonn fiosrúchán ar siúl i mBallstát eile. Thairis sin, féachtar leis an togra forálacha a chur isteach lena leagfar amach an creat le go bhféadfaidh údaráis inniúla dhá Bhallstát nó níos mó iniúchtaí comhpháirteacha a dhéanamh.

3. Glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa an 24 Feabhra 2021[3]. Glacadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021[4].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle an gníomh seo a leanas, mar mhír "A" ar chlár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air:

- Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, a leagtar amach in 12908/20 FISC 209 ECOFIN 1024 (+REV1(fi)).

---

[3] https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/package-fair-and-simple-taxation
[4] P9_TA(2021)0072.